StudentBounty.com

Rewarding Learning

U... aid

| | |
|---|---|
| 71 | |

Uimhir Iarrth...

**General Certificate of Secondary Education**

**January 2010**

# Matamaitic



## Modúl N2 Páipéar 1
## (Gan Áireamhán)
## Bonnsraith

**[GMN21]**

GMN21

**DÉ MÁIRT 12 EANÁIR**

**9.15 am – 10.00 am**

**AM**

45 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa cheistpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** den **aon** cheist **déag**.
Ba chóir do chuid oibre a thaispeáint go soiléir sna spásanna chuige sin mar is féidir go mbronnfar marcanna ar réitigh a bhfuil codanna díobh ceart.
**Níl cead** agat áireamhán a úsáid don pháipéar seo.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 44 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Ba chóir duit rialóir, compáis, dronbhacart agus uillinntomhas a bheith agat.
Tá an Bhileog Foirmlí ar leathanach 2.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |

| | |
|---|---|
| **Marc Iomlán** | |

5412.04

www.StudentBounty.com

# Bileog Foirmlí

**Toirt priosma** = achar trasghearrtha × fad






www.StudentBounty.com

**LEATHANACH BÁN**



[Tiontaigh an leathanach

www.StudentBounty.com

1 **(a)** D'fhiafraigh an múinteoir de dhaltaí Bhliain 10 cén comhlacht fóin póca a d'úsáid siad.
Taispeántar na torthaí don 120 dalta sa tábla thíos.

| Comhlacht Fón Póca | An Líon Daltaí |
|---|---|
| I dTiúin | 16 |
| 4-Fóin | 48 |
| Aweb | 20 |
| U-Théacs | 12 |
| Eile | 24 |

Tarraing píchairt leis an fhaisnéis sa tábla a léiriú.



[4]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |



www.StudentBounty.com

**(b)** Léiríonn an léaráid gais is duillí an t-aga frithghníomhúcháin a bhí ag 24 mac léinn i dturgnamh.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**Aga frithghníomhúcháin**

| | |
|---|---|
| **1** | 1 2 5 5 7 8 9 |
| **2** | 0 0 0 3 4 5 6 8 |
| **3** | 3 4 8 |
| **4** | 7 9 |
| **5** | 1 1 9 |
| **6** | 4 |

Eochair: 6.4 soicind is ciall de 6 | 4

**(i)** Cén t-aga arb é an t-airmheán é?

Freagra _______________ soicind [1]

**(ii)** Cad é raon na n-agaí?

Freagra _______________ soicind [1]



[Tiontaigh an leathanach

www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**2** **(a)** Scríobh an chéad dhá uimhir phríomha eile i ndiaidh 19

Freagra ______________ agus ______________ [2]

**(b)** Ríomh $\frac{1}{3} \times \frac{2}{5}$

Freagra ___________________ [1]

---

**3** Ríomh méid na huillinne $x$ sa léaráid.




Níl an léaráid
tarraingthe go beacht

Freagra ______________ ° [3]

---

**4** Réitigh $7x + 5 = 3x + 8$

Freagra $x$ = ______________ [3]



www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**5** **(a)** Caithfear carr a chur faoi thástáil MOT nuair atá sé ceithre bliana d'aois.




*Foinse: http://www.jasonjonesautovrmtre.co.uk/images/mot-centre.jpg*

Ar na carranna a dteipeann orthu sa tástáil, teipeann ar $\frac{1}{3}$ acu mar gheall ar dhroch-choscáin, ar $\frac{1}{6}$ acu mar gheall ar dhrochshoilse agus ar $\frac{1}{4}$ mar gheall ar bhoinn chaite. Teipeann ar an chuid eile acu mar gheall ar stiúradh lochtach. Cén codán de charranna a dteipeann orthu mar gheall ar stiúradh lochtach?

Freagra ______________ [3]

**(b)** Tá $\frac{5}{8}$ d'fhad balla tógtha cheana féin.

Má tá 30 troigh le tógáil go fóill, cá fhad a bheidh sa bhalla agus é críochnaithe?



*Foinse: http://www.goldtrowel.org/images/brickpics%20013.jpg*

Freagra ______________ tr [3]



**[Tiontaigh an leathanach**

www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**6** Ar feadh 2 mhí, choinnigh seacht gcara taifead ar an méid airgid a chaith siad ar a bhfón póca agus ar an líon uaireanta a bhí orthu é a luchtú.

Taispeántar na torthaí sa tábla.

| **Méid airgid (£)** | 17 | 19 | 21 | 23 | 25 | 27 | 30 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Líon uaireanta a luchtaíodh é** | 38 | 31 | 28 | 24 | 20 | 16 | 8 |

**(a)** Tarraing scaipghraf do na sonraí seo. [2]





| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |


**(b)** Tarraing líne dhea-oiriúnaithe ar an scaipghraf. [1]

**(c)** Déan meastachán ar an méid airgid a bheadh ar fhón póca eile a luchtaíodh ceithre huaire.

Freagra £ ____________ [1]



www.StudentBounty.com

**7** Tá sleasa dar fad 6 cm agus 5 cm i gcomhthreomharán. Is é 5 cm fad an trasnáin is giorra.

Tarraing an comhthreomharán seo **go beacht**.
Tá slios amháin tarraingthe cheana féin duit.

6 cm

[4]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |



**[Tiontaigh an leathanach**

www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**8** Simpligh

**(a)** $7\ell - 3m + 4m - \ell$

Freagra __________________ [2]

**(b)** $\dfrac{3a}{2} + \dfrac{2a}{3}$

Freagra __________________ [3]

---

**9** D'fhiafraigh Diarmaid de mhic léinn ina bhliainghrúpa cá mhéad a d'íoc siad ar a ríomhaire baile.
Taispeántar na torthaí sa tábla minicíochta.

| **Praghas (£$P$)** | **Minicíocht** |
|---|---|
| $0 < P \leqslant 500$ | 5 |
| $500 < P \leqslant 1000$ | 20 |
| $1000 < P \leqslant 1500$ | 10 |
| $1500 < P \leqslant 2000$ | 4 |
| $2000 < P \leqslant 2500$ | 1 |

Déan meastachán ar an mheánphraghas.

Freagra £ __________________ [4]



www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**10** Is é 140° an uillinn inmheánach i bpolagán rialta.
Cá mhéad slios atá ar an pholagán rialta seo?

Freagra ________________ [3]

---

**11** Ríomh $6\frac{3}{4} - 4\frac{1}{3}$

Freagra _____________ [3]

---

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

---



www.StudentBounty.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.



www.StudentBounty.com